**An chuid oibríochtúil**

1) Ní mór Airteagail 6 agus 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, an ceart chun saorghluaiseachta agus cónaithe agus prionsabail na coibhéise agus na muiníne frithpháirtí a léirmhíniú mar ní a chiallaíonn nach bhfuil aon oibleagáid ar an údarás breithiúnach a eisíonn barántas gabhála Eorpach, arna ghlacadh faoi Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit, arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009, an cinneadh náisiúnta maidir le gabháil duine agus faisnéis maidir leis na féidearthachtaí atá ann chun agóid a dhéanamh in aghaidh an chinnidh sin a chur ar aghaidh chuig an duine faoi réir an bharántais gabhála sin fad is a bhfuil an duine sin sa Bhallstát ina bhfuil an barántas gabhála Eorpach á fhorghníomhú agus nár tugadh suas é do na húdaráis inniúla i mBallstát eisiúna an bharántais gabhála sin.

2) Ní mór an prionsabal maidir le tosaíocht dhlí an Aontais a léirmhíniú sa chaoi go gceanglaíonn sé ar an údarás breithiúnach eisiúna an dlí náisiúnta a léirmhíniú, a mhéid is féidir, i gcomhréir le dlí an Aontais, lena gcuirfí ar a chumas toradh a áirithiú atá ag luí leis an gcuspóir arna shaothrú le Cinneadh Réime 2002/584, arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299, lena gcuirtear cosc ar cheangal a chur ar an údarás sin, faoin dlí náisiúnta, an cinneadh náisiúnta maidir lena ghabháil agus an fhaisnéis maidir leis na féidearthachtaí atá ann chun agóid a dhéanamh in aghaidh an chinnidh sin a chur ar aghaidh chuig an duine faoi réir barántas gabhála Eorpach sula dtugtar suas é d'údaráis bhreithiúnacha an Bhallstáit eisiúna.

([1]) IO C 163, 03.05.2021

**Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 30 Meitheamh 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Curtea de Apel Bucureşti – an Rómáin) – Direcția Generală Regională a Finanțelor Publice Bucureşti – Administrația Sector 1 a Finanțelor Publice v VB, Direcția Generală Regională a Finanțelor Publice Bucureşti – Serviciul Soluționare Contestații 1**

**(Cás C-146/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Comhchóras cánach breisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Cinntí Cur Chun Feidhme 2010/583/AE agus 2013/676/AE lena n-údaraítear don Rómáin maolú ar Airteagal 193 den Treoir sin – An sásra um muirear freaschurtha – Soláthairtí táirgí adhmaid – Reachtaíocht náisiúnta lena bhforchuirtear coinníoll clárúcháin chun críocha CBL maidir le cur i bhfeidhm an tsásra sin – Prionsabal na neodrachta cánach)***

(2022/C 318/14)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Curtea de Apel Bucureşti

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Direcția generală Regională a Finanțelor Publice Bucureşti – Administrația Sector 1 a Finanțelor Publice

*Cosantóirí:* VB, Direcția Generală Regională a Finanțelor Publice Bucureşti – Serviciul Soluționare Contestații 1

**An chuid oibríochtúil**

Le Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha agus prionsabal na neodrachta cánach, ní chuirtear bac ar reachtaíocht náisiúnta ar dá réir nach bhfuil feidhm ag an sásra um muirear freaschurtha maidir le duine inchánach nach raibh iarratas déanta aige nó aici ar chlárú chun críocha CBL, nó nach raibh sé sin faighte aige nó aici, as a stuama féin, sular thug sé nó sí faoi na hidirbhearta inchánacha.

([1]) IO C 228, 14.06.2021